

Tidy Towns Competition 2017

Adjudication Report

Centre: Cill Chiarain	Ref: 2218
County: Galway	Mark: 246
Category: A	Date(s): 19/06/2017

	Maximum Mark	Mark Awarded 2017
Community Involvement & Planning	60	34
Built Environment and Streetscape	50	33
Landscaping and Open Spaces	50	35
Wildlife, Habitats and Natural Amenities	50	17
Sustainable Waste and Resource Management	50	12
Tidiness and Litter Control	90	49
Residential Streets & Housing Areas	50	34
Approach Roads, Streets & Lanes	50	32
TOTAL MARK	450	246

Community Involvement & Planning / Rannpháirtíocht an Phobail & Pleanáil:

Fearann an moltáir seo na mílte fáilte roimh Chill Chiaráin chuig An Comórtas Náisiúnta SuperValu na mBailte Slachtmhara. Fáilte faoi leith i gcónaí roimh iontráil nua is go n-éirí libh sa chomórtas. Seasann sibh anois i measc 850 iontráil sa tír, rud gur ábhar spreagdh a thugann deis daoibh teagmháil le coistí eile chun tairbhe a bhaint as an gComórtas. Is breá go bhfuil an chéad chéim tógtha agaibh le ballraíocht an chomórtais. Go raibh maith agaibh as an bhfoirm iontrála a líonadh agus na léarscáil a chuir sibh chugainn. I bhur gcás ba choir léarscáil lámhdhéanta a chur le cheile, mar bhí na cinn a cuireadh chugainn an teoranta agus an- mhí-chruinn, go háirithe do shroinséar nár thug cuairt ar an mbaile beag cheana.

Built Environment and Streetscape / An Timpeallacht Thógtha agus Sráid-dreacha:

Tá seachtar ar an gcoiste agaibh agus dosaen sa bhreis ar obair dheonach. Is maith an aidhm í bheith ag díriú ar bheocht a chrúthú sa bhaile beag. Is maith an feabhasúnacht í bheith ag obair as lámh a chéile. Thug sibh liosta cuimsitheach dúinn ar eagrais éagsúla atá bainteach le bhur gclár oibre. Thug mé cuairt ar an Seipéal atá curtha i láthair go deas néata. Is maith an suíomh ina bhfuil agus timpeallacht deas mealltacht air lasmuigh. Tábhacht ar leith go mbéadh an Comhairle Contae mar chuid lárnach den obair atá ar siúl agaibh, ach go háirithe le pleananna dos na toidhcháí. Ba mhór an togra é an Pháirc Spraoi agus í ag seasamh amach go maorga ar an mbealach isteach go Cill Chiaráin, ábhar bróidiúil do chách dár ndóigh. Sé an dúshlán atá curtha romhaibh anois ná cothú leanúnach a cur igríoch agus a chinntiú nach dtiteann an caighdeán. Tá an Pháirc Shúgartha taobh leis an bpáirce leagtha amach go maith le sconsa maith timpeall air. Bhí eileamh maith air lá na cuairte.

Landscaping and Open Spaces / Tírdhreachú agus Spásanna Oscailte:

Is ag an bPáirc Spraoi is mó a deineadh an tírdhearc le tamall anuas. Tá an leagan amach go deas anseo ach beidh gá le cúram maith air amach anseo. Rud a chuaigh go mór i bhfeidhm ar an moltóir ná na clocha breatha atá go fairsing timpeall na bealaí isteach. Tá teach le doras dearg ós comhair na páirce spraoi agus tá fallaí teorainn den scoth acu agus níl anseo ach sampla de fhallaí an bhaile sa mháguaird. Tá clós an mhór ós comhair Centra agus tá an banc buidéal lonnaithe anseo chomh maith. Bhfuil aon tseanc go bhféadfa plandail a mhéadú anseo. Bheadh sraith de chrainn go deas ar chúl an chlóis. Is maith go bhfuil lucht ghnó ag tacú libh san iarracht leis an tírdhearc a fheabhsú tré phlandáil oiriúnach a chur sa timpeallacht. Tá dúshlán mór agaibh an Céibh a choiméad glan sabhbálta agus dea-chuma ar.

Wildlife, Habitats and Natural Amenities / Fiadhúlra, Gnáthóga agus Taitneamhachtaí Nádúrtha:

Is iontach go bhfuil club na n-óg agaibh agus go bhfuilid sásta cabhrú le bhur n-iarrachtaí maidir le gnáthóga an

cheantair. Tá gá le treoir d'fháil ós na saineolaithe ina thaobh agus go bhfuil tuiscint acu ar an tslí is fearr le speicis agus gnáthóga a chosaint agus a bháistiú. Is mór an dushlán faoi n Glúineach Bhiorach (Knotweed) ach is fadhb náisiúnta í seo.

Sustainable Waste and Resource Management / Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe:

Is breá go bhfuil béim á chur ag an mBun Scoil faoi athchúrsáil. Tá an ionad athchúrsála tábhachtach ag an siopa agus an-éileamh air is cosúil. An bhfuil an coiste páirteach ar an bhfeachtas faoi choimirce An Taisce agus Comhairle Contae na Gaillimhe a thosnaíonn go luath san earrach i Mí Aibreán: seo feachtas náisiúnta mór thabhachtach timpeall na tíre. Faoin chatagóir seo is fiú smaoinemh ar shiopa oibre a eagrú sa gheimhreadh, dhonn deis a thabhairt d'úineoirí na dtithe páirt a ghlacadh san obair seo.

Tidiness and Litter Control / Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair:

Tá marcanna arda ag dul don chatagóir seo agus is ceann a thugann deis do chách páirt a ghlacadh san iarracht. Bhí an baile beag gan brúscair lá na cuairte, seachas spota taobh leis an ionad athchúrsála ag an siopa. Is maith go bhfuil an Comhairle ag tabhairt tacaíochta daoibh faoi seo. Tá carr tréigthe trasna an bhóthair ón Reilig. Dár ndóigh is ar bhonn pearsanta a bhaineann cúrsaí smachta le bruscar. Sa mheastóireacht anseo ta cúl-sráideanna agus lánai san áireamh. In ainneoin go raibh slua mór ag bailiú ag an siopa le linn cúrsa gaeilge bhí smacht ar an láthair seo. Ag Coláiste Sheosaimh bhí an clós agus an halla gan brúscar, maith sibh. Bhí Tigh Cadhla ag fáil cóta de phéint úr le linn ár gcúairt agus dea-chuma ar an bhfoirgneamh anois.

Residential Streets & Housing Areas / Sráideanna Cónaithe & Ceantair Tithíochta:

Tá an caighdeán sa chatagóir seo go deas agaibh agus roinnt tithe le gairdíní deasa a chuireann le h-iomhá na háite. Is maith go bhfuil maoiniú ceadaithe anois chun an cosán a fhorbairt. Dein iarracht a chur ina luí ar Chomhairle Contae an tábacht a bhaineann le h-ábhar agus cuma traidisiúnta a usáid agus an obair seo ar siúl agaibh. Ag an Reilig b'fhiú an dá philéar a phéintáil do 2018, maraon leis an bhfalla teorainn, rud a cuirfeadh go mór le h-iomhá na reilige.

Approach Roads, Streets & Lanes / Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:

Tá fadhb agaibh ó thaobh comharthaíocht ar na bealaí isteach chun an bhaile bhig. Tá géar gá le dhá chomhartha ar bheallaí isteach an dá phríomhbhóthar. Is gá fógra FÁILTE GO CILL CHIARÁIN a cur suas a bheadh maisithe agus infheicthe agus mór go leor chun iad a fheiscint ó thrácht le luas gan stró siar amach ó Pháirc Spraoi ar an mbealach, agus ceann eile ar an mbealach ó Charna, agus siar amach ón Reilig ar an dtaobh thiar. Más mian libh páirt a ghlacadh sa Turasóireacht tá gá práinneach le háitheantas cuí a thabhairt don bhaile beag. Tá caighdeán na bóithre go maith agus bhaineas an taitneamh as na bláthanna fiaine atá go flúireach sa cheantar. Gabhaim búiochas leis an bPríomhoide i Scoil Chiaráin as ucht a cabhrach agus treoir a thabhairt dom.

Súntas Críce

Bhain an moltóir pléisiúr as a chuairt chugaibh agus is breá go bhfuil an cinneadh tógtha ag an bpobal páirt a ghlacadh sa chomórtas. Tá deis agaibh anois nascú le cumainn eile sa chomórtas; ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Go néirí libh amach anseo agus adh mór do 2018

Concluding Remarks: